



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire  
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna  
Átha Cliath agus Dhún  
Laoghaire

Plean um Sholáthar  
Chorparáideach 2022-2024

**LEARN  
ACHIEVE  
SUCCEED**

## Ceannas Doiciméad

### Suíomh an Doiciméid

Uaslódálfar an doiciméad seo agus beidh sé ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin BOOÁCDL [www.ddletb.ie](http://www.ddletb.ie)

### Ceadaithe

1. Teastaíonn na ceaduithe/ nithe seo a leanas ón bPlean um Sholáthar Corparáideach:

Ainm	Ceadú/Le tabhairt d'aire	Dáta
Príomhfheidhmeannach	Le ceadú	14 Deireadh Fómhair 2022
An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus An Coiste Airgeadais	Le tabhairt d'aire	Críoch: 16 Samhain 2022 ARC: 30 Samhain 2022
Bord BOO	Le tabhairt d'aire	17 Deireadh Fómhair 2022

2. Aguisín 1 - Plean Soláthair Ilbhliantúil (PSI)

**PSI críochnaithe chuig BOOÉ faoin 1 Samhain gach bliain — déan teagmháil le [procurement@etbi.ie](mailto:procurement@etbi.ie) le haghaidh sonraí**

Ainm Teagmhála	Rannóg	Dáta Críochnaithe atá Dlite	Dáta a cuireadh faoi bhráid an BOOÉ
Jennie Clinton agus Claire Keane	Airgeadais - Soláthar	1 Samhain 2022	14 Deireadh Fómhair 2022

## Réamhrá

Thar ceann an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann, tá lúcháir orm go raibh BOOÉ páirteach le BOOÁCDL chun teimpléad an Plean um Sholáthar Chorporáideach BOO a seoladh i mí Aibreáin 2019 a nuashonrú. Ceanglaítear leis an *Cód Cleachtais um Rialachas BOO (CL 0002/2019)* ar BOO a dheimhniú gur forbraíodh Plean um Sholáthar Chorporáideach (PSC) agus go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i mBOO.



Leagann an plean amach aidhmeanna agus cuspóirí chun feabhas a chur ar thorthaí soláthair an BOO ar bhonn incriminteach. Léiríonn sé na bearta chun tacú le haidhmeanna an phlean freisin. Tugann pleanáil BOO tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil (PSI) seo léargas don bhord ar chumas an BOO leanúint de bheith comhlíontach. Tá áthas orm gur chuir an treoir a cuireadh ar fáil tríd an ngrúpa fócais, agus a bhaineann le go leor páirtithe leasmhara i BOO agus sa Roinn, feabhas ar fhreagairt an BOOÁCDL sa phlean seo.

**Paddy Lavelle, Ard-Rúnaí, BOOÉ**

## Réamhrá

Is príomhghné é an soláthar de Chlár an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí. Caitheann an t-oideachas thart ar €1 billiún ar earraí agus ar sheirbhísí gach bliain agus tá sé riachtanach go gcaitear an t-airgead seo ar bhealach a bhaineann uasluch ar airgead amach, a chloíonn le beartas an rialtais, le treoirlínte náisiúnta agus le teoracha an AE maidir le soláthar, agus seachadadh inbhuanaithe seirbhísí a sholáthar don cháiniocóir ag an am céanna.



Tá caidreamh sármhaith forbartha ag an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO), arna hainmniú ag an Roinn Oideachais mar mhol soláthair na hEanála Oideachais, leis an Earnáil BOO trí Aonad ITS BOOÉ agus trí na tionscadail soláthair atá curtha ar fáil aici i gcomhar le BOO.

Chomh maith le bheith ina cheanglas faoin *gCód Cleachtais um Rialachas BOO (CL 0002/2019)*. Is nasc bunriachtanach é an Plean um Sholáthar Chorporáideach chun conarthaí agus creataí inbhuanaithe, atá oiriúnach don fheidhm, a sholáthar. Leagtar amach cur chuige straitéiseach an Bhoird i leith an tsoláthair, sa teimpléad PSC a d'fhorbair an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO) agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) do BOO. Tugann na treoirlínte agus na doiciméid tacaíochta sa Phacáiste Soláthair Chorporáideach treoir do cheannaitheoirí maidir leis an bpróiseas rannpháirtíochta.

Gné riachtanach den PSC is ea riachtanais soláthair an Bhoird don todhchaí a phleanáil. Déanfar é seo a éascú trí Phlean Soláthair Ilbhliantúil rollach trí bliana nó “PSI” a tháirgeadh gach bliain. Cuirfidh PSI comhiomlánaithe na hearnála oideachais liosta mionsonraithe ar fáil don Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR) de riachtanais shainithe an oideachais don todhchaí thar thréimhse trí bliana.

Soláthrófar conarthaí agus creat-chomhaontuithe do cheannaitheoirí atá curtha in oiriúint chun freastal ar shainriachtanais oideachais, trí riachtanais oideachais a nascadh le forbairt straitéisí foinsithe OSR.

Tríd an treoir atá leagtha amach sa doiciméad seo a leanúint, tá tú ag éascú comhlíonadh BOO s’agat leis an ngné soláthair den Chóid Rialachais agus ag baint amach an luach is fearr ar airgead don cáinócóir.

**Philip Gurnett, Stiúrthóir SSO & Ceannasaí ar Fhoinsiú Oideachais**

---

## Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Thar ceann BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, tá lúcháir orm Plean um Sholáthar Chorporáideach an BOOÁCDL (PSC) a sheoladh. D'oibrigh muid go crua mar Bhord Oideachais agus Oiliúna chun ár mbealach a stiúradh trí thórdhreach claochlaithe an tsoláthair le roinnt blianta anuas. Is é cuspóir an phlean seo ná tuiscint a thabhairt don léitheoir ar an gcaoi a ndéantar feidhmeannas an tsoláthair a struchtúrú i mBOOÁCDL agus cur síos a dhéanamh ar na gnásanna agus ar na próisis a leanaimid, lena chinntiú go bhfuil an luach is fearr ar airgead á bhaint amach ag BOOÁCDL thar ceann an cháiníocóra agus go bhfuil muid ag cloí le beartas an rialtais, le treoirlínte náisiúnta agus le treoracha an AE maidir le soláthar. Tá sé casta don BOO seo soláthar earraí agus seirbhísí a bhainistiú thar an oiread sin suíomhanna. Tá feabhas suntasach déanta againn de réir mar a d'fhorbair ár gcórais; leanfaidh sé seo ar aghaidh ag teacht leis an doiciméid phleanála seo.

Is uirlis phleanála mhionsonraithe é an Plean Soláthair Ilbhliantúil (PSI) atá mar aguisín leis an PSC, a úsáidimid chun anailís a dhéanamh ar ár gcaiteachas agus chun ár riachtanais a thuar ar feadh tréimhse 3 bliana. Ina theannta sin, beidh sé mar chuid de PSI comhiomlánaithe na hearnála oideachais, agus tabharfaidh sé sonraí úsáideacha don OSR chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais cheannacháin eanáil an BOO agus an eanáil oideachais fhoriomlán amach anseo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus treoir shuntasach an ghrúpa fócais BOOÉ agus SSO (Seirbhís um Sholáthar Oideachais) maidir le teimpléid PSC agus PSI a fhorbairt d'earnáil an BOO. Tugaim mo bhuíochas leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann i mBOOÁCDL freisin.

**Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach, BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire**

---

## Clár na nÁbhar

1.	Intreoir.....	1
1.1.	Ráiteas Misin, Luachanna agus Spriocanna Soláthair BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire	1
2.	Cuspóirí.....	2
2.1.	Cuspóirí an Phlean um Sholáthar Chorporáideach .....	2
3.	Struchtúr an tSoláthair laistigh den BOO.....	4
3.1.1.	Struchtúr an tSoláthair laistigh de BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire .....	4
3.1.2.	Ról na Rannóige Soláthair .....	4
3.1.3.	Ról agus freagracht na Sealbhóirí buiséid.....	5
3.2	Leathanach gréasáin an tsoláthair.....	6
3.3	Córais agus Oiliúint .....	7
3.4	Príomhréimsí Imní/Saincheisteanna Cotianta/Ceachtanna Foghlamtha .....	7
3.5	Iarratas ar Thacaíocht Soláthair (ITS)/Iarratas Forlíontach ar Thairiscint (IFT) .....	8
3.6	Bainistíocht Conartha .....	8
3.7	Forbairt an Chaidrimh le Soláthraithe .....	9
3.8	Ionadaíocht an BOO sa tSamhail Soláthair Náisiúnta.....	9
4	Treoirlínte maidir le Soláthar.....	11
5	Tráthúlacht, coinneáil agus dáileadh an Phlean um Sholáthar Corparáideach.....	13
5.1	Formáid an Phlean um Sholáthar Corparáideach.....	13
5.2	Uainiú.....	13
5.3	Coinneáil .....	13
5.4	Dáileadh.....	13
6	An Plean Soláthair Ilbhliantúil.....	15
6.1	Anailís ar Chaiteachas Stairiúil.....	15
6.2	Anailís ar Cheannacháin Ardéilimh/Luach Íseal ( <i>gníomh roghnach</i> ).....	16
6.3	Athbhreithniú ar Riachtanais Soláthair Amach Anseo.....	17
6.4	Meastóireacht leanúnach ar riachtanais soláthair .....	17
7	Spriocanna agus Príomhbhearta Feidhmíochta .....	18
Aguisín 1	Plean Soláthair Ilbhliantúil .....	20

---

# 1. Intreoir

## 1.1. Ráiteas Misin, Luachanna agus Spriocanna Soláthair BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire

### Ár bhFís

Tá sé mar aidhm againn a bheith inár gceannairí sa soláthar poiblí trí chomhpháirtíocht chomhoibríoch leis na páirtithe leasmhara uilig.

### Ráiteas Misin

Tá BOO Bhaile Átha Cliath & Dhún Laoghaire tiomanta dá sholáthar a oibriú faoin tsamhail soláthair náisiúnta a chomhaontaigh an rialtas, agus faoi phrionsabail an rialachais chorparáidigh atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais um Rialachas BOO (CL 0002/2019)*. Áirítear leis seo creataí agus conarthaí soláthair lárnacha agus earnála a úsáid, a thugann luach ar airgead agus éifeachtúlacht.

I gcásanna nach bhfuil meicníocht chúí i bhfeidhm ag an tsamhail soláthair náisiúnta le haghaidh ceannach ar leith (creat/tarraingt anuas), tá sé i gceist ag BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire cloí leis na treoirlínte ábhartha maidir le soláthar poiblí atá ar fáil ó [shuíomh gréasáin an OSR](#) agus polasaithe agus gnásanna atá comhaontaithe go hearnálach ar fáil ó [shuíomh gréasáin an BOO](#)

Tá sé mar aidhm againn dul i dteagmháil le gach páirtí leasmhar d'fhonn luach a chur leis an mBOO trí sholáthar

### Ár Luachanna



### Spriocanna

1. Macántacht agus comhlíontacht a chinntiú maidir le soláthar na n-earraí agus na seirbhísí uilig
2. Páirtithe leasmhara a threorú maidir le húsáid na bpróiseas soláthair
3. Chun LAA (luach ar airgead) a bhaint amach dár mBOO agus do pháirtithe leasmhara
4. Ardchaighdeán feabhais a bhaint amach i mBainistíocht Conartha

## 2. Cuspóirí

### 2.1. Cuspóirí an Phlean um Sholáthar Chorparáideach

Is príomhuirlis<sup>1</sup> é an PSC chun an tsamhail soláthair náisiúnta a éascú chun tosaíochtaí soláthair a shainiú.

Tríd an OSR agus trí na ceithre phríomhfheidhmeannas soláthair earnála (Sláinte, Cosaint, Oideachas agus Rialtas Áitiúil), labhraíonn an tSeirbhís Phoiblí leis an margadh le “glór amháin” d’achan catagóir caiteachais, ag fáil réidh le dúbailt agus ag baint leasa as scála an tsoláthair phoiblí chun an éifeacht is fearr a bhaint amach. Tá an chéim seo ag teacht le dea-chleachtas san earnáil phoiblí agus phríobháideach agus tá sé mar chuid den chlár athchóirithe leanúnach atá á stiúradh ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá cuspóirí PSC BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire agus an chaoi a mbainfear amach iad leagtha amach sa tábla thíos:

Cuspóirí	Bainfear amach na cuspóirí seo ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear
<ul style="list-style-type: none"><li>• éifeachtúlachtaí agus laghdú costais a bhaint amach tríd an bpróiseas soláthair;</li><li>• straitéis an BOO a bhaint amach trí chuspóirí agus ceanglais soláthair a ailíniú</li><li>• an cion caiteachas le soláthraithe ar conradh arna dtarraingt ó chreataí náisiúnta a mhéadú;</li><li>• comhlíonadh na mbeartas agus na ngnásanna ábhartha uilig a chinntiú;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• trí chur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le soláthar;</li><li>• trína chinntiú go gcomhlíontar na beartais agus na gnásanna ábhartha uilig;</li><li>• ag pearsanra soláthair an BOO a bhíonn ag plé leis an OSR dá réitigh soláthair; agus</li><li>• trí shealbhóirí buiséid a chur ar an eolas faoi na creat-chomhaontuithe agus na conarthaí atá ar fáil.</li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li>• feabhas a chur ar cheannaireacht, rialachas, feasacht agus scileanna laistigh den fheidhmeannas soláthair;</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>• trí oiliúint chúí agus thréimhsiúil a chur ar fáil do shealbhóirí buiséid maidir le beartais</li></ul>

<sup>1</sup> Tá an ceanglas chun Plean um Sholáthar Chorparáideach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm leagtha amach sa [Chód Cleachtais um Rialachas BOO \(CL 0002/2019\)](#).




<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tacú le feidhm soláthair éifeachtúil ar fud na heagraíochta;</b></li> </ul>	<p>soláthair, gnásanna agus dea-chleachtas; agus</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• trí fhorbairt agus cur i bhfeidhm an phróisis Pleanála Soláthair Chorporáidigh a phlé le sealbhóirí buiséid.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>próiseas coiteann corparáideach a sholáthar maidir le foinsiú straitéiseach, forbairt caidrimh le soláthraithe agus bainistíocht conartha a thacaíonn leis an tsamhail soláthair náisiúnta;</b></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• trí róil agus freagrachtaí soiléire a bhunú agus a leagan;</li> <li>• tríd an bPlean Soláthair Ilbhliantúil (PSI) (Aguisín 1) a chomhlánú agus é a roinnt le BOOÉ;</li> <li>• trí na próisis a leagtar amach sa tsamhail soláthair náisiúnta a chomhlíonadh;</li> <li>• trí chaidrimh le soláthraithe a fhorbairt agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar sheachadadh earraí agus seirbhísí; agus</li> <li>• trí thagairt do threoir in ailt 3 agus 4.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>cur chuige bainistíochta ar chatagóir a chur i bhfeidhm ar fud an BOO i leith an tsoláthair;</b></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• tríd an mórleabhar ginearálta agus an cur chuige um bainistíocht catagóire i leith an tsoláthair a ailíniú (nuair is féidir); agus</li> <li>• trí chur chuige seasmhach a ghlacadh i leith an tsoláthair.</li> </ul>
<ul style="list-style-type: none"> <li>• <b>tacú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) trína straitéisí a chur i bhfeidhm, ar nós an tsamhail soláthair náisiúnta chun éifeachtúlachtaí soláthair a mhéadú, agus ríomhshonraisciú a dhéanamh chun éifeachtúlachtaí agus luach ar airgead a fheabhsú níos mó.</b></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• trí úsáid a bhaint as na réitigh soláthair agus an treoir a atá curtha i bhfeidhm;</li> <li>• trí phlean soláthair ilbhliantúil a chur chun feidhme (féach Aguisín 1);</li> <li>• trí ríomhshonraisciú a chur i bhfeidhm; agus</li> <li>• trí aiseolas a roinnt leis an OSR maidir le réimsí d'fheabhsú féideartha.</li> </ul>

### 3. Struchtúr an tSoláthair laistigh den BOO


#### 3.1.1. Struchtúr an tSoláthair laistigh de BOO Átha Cliath & Dhún Laoghaire

Tá struchtúr hibrideach i bhfeidhm ag BOOÁCDL le haghaidh an tsoláthair, ina ndéanann an sealbhóir buiséid ábhartha bainistíocht ar sholáthar seirbhísí agus soláthairtí suas le luach €25 míle gan CBL san áireamh (nuair nach bhfuil aon chonradh BOOÁCDL i bhfeidhm) agus déanann an Rannóg Soláthair, atá laistigh den Roinn Airgeadais, bainistiú lárnach ar sholáthar os cionn €25 míle gan CBL san áireamh, le haghaidh earraí agus seirbhísí. Is í an Roinn Foirgneamh agus Réadmhaoine a bhainistíonn tionscadail oibreacha caipitil.



#### 3.1.2. Ról na Rannóige Soláthair

Tá an feidhmeannas soláthair lárnach freagrach as soláthar láraithe a riar laistigh den Bhord agus is laistigh den Roinn Airgeadais atá an rannóg sin. Is é ról na foirne soláthair ná tacú leis an timthriall soláthair trí bheith ag obair le Príomhoidí, Bainisteoirí Ionaid agus Sealbhóirí buiséid eile an BOOÁCDL chun comhlíonadh agus luach ar airgead a chinntiú i gcomhréir le beartais agus gnásanna an Bhoird. I measc na bpríomhréimsí oibre san fheidhmeannas tá na nithe seo a leanas:



### 3.1.3. Ról agus freagracht na Sealbhóirí buiséid

Tá údarás ag Sealbhóirí Buiséid caiteachas a thabhtú thar ceann an BOOÁCDL laistigh de theorainneacha a mbuiséid sannta agus na tairseacha thíos. Tá freagracht agus cuntasacht ghinearálta orthu as a chinntiú go gcuirtear na Beartais agus na Gnásanna Soláthair i bhfeidhm ar gach ceannach earraí agus seirbhísí, laistigh dá n-údarás faoi leith. Ní mór dóibh a chinntiú:

- Creat Náisiúnta OSR agus Soláthraithe Lárchonraithe BOOÁCDL a úsáid eile nuair atá siad ar fáil.
- Gur chóir aon cheannachán a d'fhéadfadh a bheith níos mó ná €25,000 a chur ar aird an Bhainisteora atá freagrach as Soláthar, sula gcuirfean an t-ordú isteach. Cinnteoidh sé seo

gur féidir an próiseas soláthair a chur i gcrích agus an t-earra/seirbhís a sheachadadh go tráthúil freisin.

- Ní mór don Sealbhóir Buiséid a dheimhniú go bhfuil buiséad ar fáil, ionas go bhféadfaidh an Bainisteoir atá freagrach as Soláthair an próiseas tairisceana a chur i ngníomh
- I gcás tairiscintí a bhfuil luach €25,000 acu, moltar foirm iarratais ar thairiscintí a chomhlánú.
- Tar éis Meastóireacht Tairisceana agus moladh, agus roimh Dhámhachtain Conartha, ní mór faomhadh a fháil ón Stiúrthóir ábhartha le haghaidh ceannacháin ar luach €25,000 nó níos mó.
- Ní ceadmhach tabhairt faoi comórtais soláthair a bhaineann le haon Oibreacha Foirgníochta gan teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Foirgneamh agus Réadmhaoine ar dtús.
- Déantar an comórtas soláthair sin laistigh de bhuiséid údaraithe i gcomhréir le beartas Soláthair an BOOÁCDL.

Tá sé de fhreagracht ar gach sealbhóir buiséid agus ar gach duine a bhfuil baint acu leis an soláthar -

- coinneáil suas chun dáta maidir le hathruithe ar threoirí/tairseacha soláthair, ar rialacháin, chiorcláin agus iad a chur i bhfeidhm ag cinntiú go gcomhlíontar treoirínte soláthair phoiblí;
- úsáid a bhaint as an tsamhail soláthair náisiúnta agus na creataí a bhfuil fáil orthu le haghaidh gach caiteachais soláthair;
- gach doiciméad tacaíochta soláthair a choinneáil (e.g. luachana, tairiscintí);
- príomhshonraíochtaí a fhorbairt agus critéir cháilíochtúla ábhartha a shainiú.

### 3.2 Leathanach gréasáin an tsoláthair

Tá faisnéis maidir le conarthaí arna soláthar go lárnach ag BOOÁCDL ar fáil ach é a iarraidh ón Rannóg Soláthair trí ríomhphost a sheoladh chuig [procurement@ddletb.ie](mailto:procurement@ddletb.ie)

Ina theannta sin, is féidir le fostaithe BOOÁCDL rogha a dhéanamh go gcuirfí ar an liosta seoltaí inmheánach soláthair iad chun nuashonruithe míosúla a fháil.

Tá Beartas Soláthair agus Plean um Sholáthar Chorparáideach an BOOÁCDL ar fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an BOOÁCDL.

### 3.3 Córais agus Oiliúint

Aithnítear go mbainfeadh an Rannóg Soláthair leas as córais TF breise chun an tseirbhís atá á sholáthar a fheabhsú agus chun tacú leis an obair atá á déanamh ag an bhfoireann san fheidhmeannas.

Tá córas bainistíochta conartha (CBC) á chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach faoi láthair in earnáil an BOO i 2022/2023. Tacóidh sé seo leis an gceanglas maidir le 'bunachar conarthaí/liostú conarthaí do gach conradh/íocaíocht de bhreis ar €25,000<sup>2</sup> agus Ciorclán 02/2016 an RCPA<sup>3</sup>. Cuirfidh sé feabhas freisin ar éifeachtúlacht na hoibre atá á déanamh agus cuideoidh sé leis an bpróiseas chun conarthaí t atá le dul in éag a aithint ar bhealach níos éifeachtúla.

Leanfar le hoiliúint agus forbairt foirne i modheolaíochtaí soláthair le haghaidh dea-chleachtas d'fhoireann na Rannóige Soláthair agus sealbhóirí buiséid araon. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh:

- Conas oibriú faoin tsamhail soláthair náisiúnta;
- Conas sonraíocht seirbhíse/earraí a fhorbairt;
- Conas nochtadh leasa agus coimhlintí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú;
- Cén dámhachtain agus critéir mheastóireachta a roghnú;
- Conas tairiscintí a mheas, cad iad na teicnící a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear costas lánsaoil; agus
- Conas páirt a ghlacadh sa phróiseas soláthair ar bhealach trédhearcach, cóir agus cothrom.

Leanfaidh an Rannóg Soláthair ag ardú feasachta ar an gcreat rialála casta a bhaineann le soláthar poiblí, chomh maith le hoiliúint a chur ar fáil do phearsanra atá freagrach as soláthar laistigh den eagraíocht.

**3.4** **Príomhréimsí Imní/Saincheisteanna Cotianta/Ceachtanna Foghlamtha**  
Déanann BOOÁCDL a dhícheall gach rialachán soláthair náisiúnta agus Eorpach a chomhlíonadh. Sin ráite, mar gheall ar chineál na heagraíochta ó thaobh struchtúir agus acmhainní de, nílimid in ann a bheith 100% comhlíontach faoi láthair maidir le cloí leis na tairseacha soláthair. Is iomaí cás ann ina sáraíonn an caiteachas comhiomlánaithe ar chleachtaí soláthair áitiúla i scoileanna agus in ionaid d'earraí agus seirbhísí áirithe, an tairseach náisiúnta tairisceana de €25 míle. Is é an chúis i mó leis seo ná nach bhfuil

<sup>2</sup> Treoirínte um Sholáthar Poiblí Earraí agus Seirbhísí Iúil 2017

<sup>3</sup> Socrú do Chaiteachas Digiteach agus TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

feidhmeannas ceannaigh láraithe againn agus tá breis agus 90 suíomh i mbun cleachtaí soláthair áitiúil go laethúil. Tá an cheist seo níos measa fós mar gheall ar fhás na heagraíochta le blianta beaga anuas.

Nuair a chuirtear san áireamh méid agus nádúr na heagraíochta agus an méid a chaitear faoi chatagóirí éagsúla earraí agus seirbhísí, ní fhéadfar a bheith comhlíontach sa ghearrthréimhse. Mar sin féin, táimid ag feabhsú ár gcomhlíonadh i dtólamh trí dhíriú ar réimsí a bhfuil béim orthu inár PSI agus sa Phlean um Sholáthar Chomparáideach.

### 3.5 Iarratas ar Thacaíocht Soláthair (ITS)/Iarratas Forlíontach ar Thairiscint (IFT)

- Ba cheart do na BOO an<sup>4</sup> próiseas ITS/IFT a chur i gcrích agus cumarsáid a dhéanamh leis an Deasc Chabhrach um Sheirbhís do Chustaiméirí an OSR ar bhonn tráthúil [féach ar thairiscint Cliant OSR], cuireann sé seo tú leis an bpróiseas soláthair
- Is ar an OSR nó an Mol earnála atá an fhreagracht as earraí/seirbhísí a fhoinsiú, seachas nuair a chuirtear ITS ar ais le haghaidh féin-sholáthair, ina bhfillfidh an fhreagracht ar an mBOO iad a fháil

### 3.6 Bainistíocht Conartha

- Cé go bhfuil teimpléad conartha ar fáil (déan teagmháil le Deasc Chabhrach um Sheirbhís do Chustaiméirí OSR), is ar an mBord Oideachais agus Oiliúna atá an fhreagracht as an gconradh a chruthú, a shíniú agus a bhainistiú, áirítear leis seo sainaitheint na bpríomhtháscairí feidhmíochta (PTF) ar cheart dóibh dul isteach sa chonradh;
- De ghnáth, ba cheart conarthaí úsáid le soláthraithe nuair is féidir, chun éifeachtúlachtaí soláthair a fhorbairt. Agus an soláthar á bhreithniú, ba cheart breithniú a dhéanamh ar an bhfadtárma (3 nó 4 bliana) agus an comhiomlánú maidir le soláthar na n-earraí/na seirbhísí, seachas aghaidh a thabhairt ar an ngá atá le soláthar láithreach;
- Agus Creat-Chomhaontú OSR nó réiteach Tarraingt anuas OSR á n-úsáid, is gá conradh a chur i bhfeidhm leis an soláthraí agus is ar an mBOO atá an fhreagracht as sin. Is féidir leis an Deasc Chabhrach um Sheirbhís do Chustaiméirí an OSR comhairle a thabhairt maidir leis an ngás atá le leanúint; agus

---

<sup>4</sup> Is féidir iad seo a fháil ar shuíomh gréasáin an OSR nó trí Dheasc Chabhrach Sheirbhís do Chustaiméirí an OSR

- Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh sealbhóirí buiséid monatóireacht leanúnach ar an gconradh, lena chinntiú go seachadtar seirbhísí agus leibhéil feidhmíochta chomhaontaithe agus go bhfuil rátaí á gcur i bhfeidhm ag an soláthraí.

### 3.7 Forbairt an Chaidrimh le Soláthraithe

- Tá sé ríthábhachtach go bhfuil bainistíocht caidrimh láidir le soláthraithe chun bainistiú socair agus éifeachtúil na gconarthaí a chinntiú. Is cuid thábhachtach den phróiseas bainistithe conarthaí é bainistíocht an chaidrimh le soláthraithe agus leagtar síos i ndea-chleachtas gur cheart é a bheith i bhfeidhm do gach conradh, go háirithe i gcás ina bhfuil cineál na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear athfhillteach.
- Éascóidh cruinniú leis an soláthraí an dá pháirtí a gcuid riachtanas agus ionchais a leagan amach, chun a chinntiú go soláthraítear na hearraí agus na seirbhísí atá de dhíth agus nuair is gá. Mura ndéantar iad a dhoiciméadú go foirmiúil cheana féin mar chuid den phróiseas comhaontaithe tairisceana nó seirbhíse (CS), ba cheart iad a dhoiciméadú chun monatóireacht leanúnach a éascú ar sheachadadh an chonartha earraí/seirbhíse ag an soláthraí.
- Tabharfaidh cruinnithe tréimhsiúla leis an soláthraí deis don dá pháirtí saincheisteanna a ardú chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse atá a soláthar. Ba chóir iad seo a dhoiciméadú agus a roinnt leis an soláthraí agus ba chóir go n-áireofaí leo aon ghníomhartha comhaontaithe atá le déanamh. Cuideoidh siad freisin le caidreamh a thógáil leis an soláthraí.
- Ar a laghad uair sa bhliain, ba cheart athbhreithniú foirmiúil ar a dhéanamh bhainistíocht feidhmíochta faoin gcritéar atá leagtha amach sa doiciméad tairisceana agus/nó Comhaontú Seirbhíse chun an cháilíocht, an tseirbhís agus an luach ar airgead atá á fháil a mheas. Ba chóir go dtacódh aschur an athbhreithnithe feidhmíochta leis an gcinneadh leanúint leis an gconradh (más cuí) nó próiseas tairisceana nua a thionscnamh, más cuí.
- Sa chás go bhfuil conarthaí mar chuid de Chreat-Chomhaontú nó de réiteach Tarraingt anuas a cuireadh i bhfeidhm tríd an OSR, tá sé tábhachtach freisin go gcuirfear an t-aschur ó mhonatóireacht ar sheachadadh an chonartha in iúl don OSR tríd an Deasc Chabhrach um Sheirbhís do Chustaiméirí.

### 3.8 Ionadaíocht an BOO sa tSamhail Soláthair Náisiúnta

Nuair a iarrann an OSR/SSO/BOOÉ é, tá sé de fhreagracht ar BOO ionadaíocht a chuir ar fáil:

- do chomhairlí catagóire thar ceann an oideachais, chun straitéis chatagóirí a fhorbairt; agus
- d'fhoirne foinsithe chun tairgeoirí creata féideartha a mheas.



## 4 Treoirlínte maidir le Soláthar

Leagtha amach thíos tá liosta de dhoiciméid thagartha chun cabhrú leat le do soláthar.

Foinse Treorach	Sonraí
<a href="#">Ciorcláin</a>	Eisítear Ciorcláin na Roinne maidir le soláthar a rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Roinn Airgeadais roimhe seo. Tá na ciorcláin seo ar fáil freisin trí shuíomh gréasáin ‘eTenders’ thíos.
<a href="#">eTenders</a>	Is áis lárnach é an láithreán gréasáin seo do gach údarás conarthach san earnáil phoiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí dámhachtana a fhógairt.
<a href="#">An Oifig um Sholáthar Rialtais</a>	Soláthraíonn an láithreán gréasáin seo rochtain ar Chrios na gCeannaitheoirí ina liostaítear na creat-chomhaontuithe agus na socruithe tarraingt anuas atá i bhfeidhm agus ar cheart iad a úsáid nuair is cuí.
<a href="#">Treoirlínte maidir le soláthar poiblí</a>	<p>Ba cheart an treoirlíne seo a leanúint i gcás nach bhfuil meicníocht soláthair i bhfeidhm ag an OSR don cheannach atá á dhéanamh. Tá an leagan is déanaí den doiciméad seo le fáil ar shuíomh gréasáin an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) agus ar shuíomhanna gréasáin eTenders araon. Tá roinnt acmhainní luachmhara san áireamh sa doiciméad seo. Tá clár na n-ábhar do na Treoirlínte leagtha amach thíos:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Eochairphrionsabail</li> <li>• Rannpháirtíocht GBM a Spreagadh</li> <li>• Soláthairtí Timpeallachta, Sóisialta agus Saothair</li> <li>• Príomhchéimeanna an tSoláthair Phoiblí <ul style="list-style-type: none"> <li>○ Céim réamhthairisceana</li> <li>○ Faoin tairseach - Treoirlínte Náisiúnta</li> <li>○ Thar an tairseach- Rialacha an AE</li> <li>○ Creat-Chomhaontuithe</li> <li>○ Soláthar Leictreonach</li> </ul> </li> <li>• Monatóireacht agus Tuairisciú</li> <li>• Saoráil Faisnéise</li> <li>• Teagmhálaithe</li> </ul>

Foinse Treorach	Sonraí
	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Gluais</li> <li>• Ceisteanna Coitianta</li> <li>• Eochairdhoiciméid/Suíomhanna Gréasáin</li> <li>• Tairseacha an AE</li> <li>• Litreacha Múnla faoin bhun na Tairisí</li> <li>• Córas Tadhall Éadrom</li> <li>• Teorainneacha Ama IOCE i Rialacháin 2016</li> <li>• Litreacha Múnla os cionn na Tairisí</li> <li>• Seicliosta don Chomhad Conartha agus Soláthair</li> <li>• Nochtadh taifead - An Coimisinéir Faisnéise</li> </ul>
<a href="#">An Creat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí</a>	<p>Tá 5 shnáithe sa Chreat Beartais Náisiúnta um Sholáthar Poiblí (2018):</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>1) Reachtaíocht (Treoracha, Rialacháin)</li> <li>2) Beartas an Rialtais (Ciorcláin srl.)</li> <li>3) Creat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla um Oibreacha Poiblí</li> <li>4) Treoirlínte Ginearálta maidir le Soláthar Earraí agus Seirbhísí</li> <li>5) Treoirlínte teicniúla níos mionsonraithe, doiciméadú teimpléid agus nótaí faisnéise arna n-eisiúint go tréimhsiúil ag Aonad Beartais an OSR</li> </ol>
<a href="#">Soláthar BOOÉ</a>	<p>Tá beartas agus teimpléid atá comhaontaithe in earnálacha ar fáil ar shuíomh gréasáin BOOÉ</p>
<a href="#">An Cód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna</a>	<p>Leagtar amach caighdeán don rialachas soláthair sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas BOO</p>
<a href="#">Creat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla</a>	<p>Is struchtúr é an Creat Bainistíochta d'Oibreacha Caipitiúla (CBOC) a forbraíodh chun cuspóirí an Rialtais a bhaint amach maidir le hathchóiriú soláthair tógála san earnáil phoiblí. Mar sin féin, ós rud é gurb í an Roinn Oideachais an príomhchomhlacht maoinithe le haghaidh oibreacha tógála do scoileanna BOO, tá doiciméid CBOC glactha ag an RO agus chuir sé in oiriúint iad chun freastal ar thionscadail tógála scoile (Oibreacha)</p>

Tá sé de fhreagracht ar gach duine a bhfuil baint acu leis an soláthar coinneáil suas chun dáta maidir le hathruithe ar threoirlínte soláthair/tairseacha, rialacháin, ciorcláin agus iad a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte soláthair phoiblí.

## 5 Tráthúlacht, coinneáil agus dáileadh an Phlean um Sholáthar Corparáideach

### 5.1 Formáid an Phlean um Sholáthar Corparáideach

Beidh doiciméad an Phlean um Sholáthar Corparáideach (PSC) in dhá chuid mar seo a leanas:

**An PSC** Leagfaidh an PSC amach misean, luachanna agus cuspóirí an BOO maidir le soláthar agus a thiomantas do chomhlíonadh na samhla soláthair náisiúnta arna chomhaontú ag an rialtas. Leagfar amach sa phlean an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mBOO iad seo a bhaint amach agus leagfar amach róil agus freagrachtaí na foirne atá páirteach sa phróiseas soláthair.

**Aguisín** Beidh anailís sa Phlean Soláthair Ilbhliantúil ar na riachtanais soláthair a bhfuiltear ag súil leo de réir na bliana/catagóire agus caiteachais. Ba cheart an t-aguisín a sheoladh chuig BOOÉ chun comhthiomsú earnála a dhéanamh agus a chur faoi bhráid SSO (An tSeirbhís um Sholáthar Oideachais) chun anailís a dhéanamh ar riachtanais soláthair na hearnála oideachais amach anseo.

### 5.2 Uainiú

Ba cheart an Plean um Sholáthar Corparáideach agus an Plean Soláthair Ilbhliantúil a chomhlánú agus a chur faoi bhráid BOOÉ tráth nach déanaí ná 1 Deireadh Fómhair. Ba cheart an Plean Soláthair Ilbhliantúil a chur faoi bhráid BOOÉ faoin 1 Deireadh Fómhair ar a dhéanaí gach bliain ina dhiaidh sin. Déanfaidh BOOÉ na riachtanais a chomhiomlánú ar fud Earnáil an BOO agus cuirfidh sé liosta mionsonraithe ar fáil don SSO de na riachtanais a bheidh ann amach anseo thar thréimhse trí bliana. Éascóidh uainiú an Phlean Soláthair Ilbhliantúil comhlíonadh na gceanglas caiteachais a bhaineann le TFC 'Tús na Bliana', faoi Chiorclán 02/2016 de chuid an RCPA.

### 5.3 Coinneáil

Nuair a bheidh an Plean um Sholáthar Corparáideach curtha i gcrích, ba cheart é a choinneáil ina mbeidh rochtain ar líne ag an bhfoireann air.

### 5.4 Dáileadh

Chun an luach is fearr agus an tairbhe is fearr a bhaint as an bPlean um Sholáthar Corparáideach, a luaithe agus a bheidh sé críochnaithe, ba cheart na hagusíní a ghabhann leis an bPlean (an PSC) a dháileadh ar na bealaí seo a leanas:

- Go himheánach
  - Gach sealbhóir buiséid; agus
  - Gach ball foirne a bhfuil baint acu le soláthar.
  
- Go seachtrach
  - Bainisteoir ITS, BOOÉ

Nuair a bheidh an fhaisnéis tiomsaithe ag BOOÉ, cuirfear an fhaisnéis ar fáil don SSO chun críocha pleanála agus oibríochta, agus chun cur síos a dhéanamh ar an Earnáil Oideachais

Arna iarraidh sin (le linn athbhreithnithe/iniúchta srl.), cuirfear an Plean um Sholáthar Corparáideach agus na hagusíní ar fáil do BOOÉ, an RO agus don ARCC (an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste) chun peirspictíocht um chomhlíonadh agus maoirseacht rialachais a fháil.

## 6 An Plean Soláthair Ilbhliantúil

Chun an Plean Soláthair Ilbhliantúil (PSI) (Aguisín 1) de BOOÁCDL a threorú, ba cheart roinnt uirlisí a chur i bhfeidhm ar nós athbhreithniú ar phróifíl an chaiteachais stairiúil, idirbhearta soláthair ardoirte/luach íseal a shainaithint, athbhreithniú ar riachtanais soláthair amach anseo atá ailínithe leis an mbuiséad agus leis an soláthar bliantúil i dtaca le plean straitéiseach fadtéarmach an BOO.

Aithnítear go dtógfaidh an próiseas go leor ama chun an PSI a fhorbairt toisc go bhfuil na sonraí a chomhthiomsaítear ón mbonnbhliain rithábhachtach don luach is féidir a fháil ón bplean sna blianta amach romhainn.

I rith na bliana, d'fhéadfadh go n-athrófar tosaíochtaí eagraíochtúla agus go n-athrófar tosaíochtaí soláthair mar thoradh orthu. Ba cheart na hathruithe seo a choinneáil sa PSI lena chinntiú go bhfanfaidh sé ábhartha agus cothrom le dáta.

Ba chóir gach mír a bhfuil caiteachas carnach réamh-mheasta €25,000 acu thar an tréimhse 3 bliana a chur san áireamh sa PSI. Má tá caiteachas ag druidim leis an €25,000 nó má bhíonn amhras ann faoi luach an chaiteachais, moltar an mhír a chur san áireamh sa PSI.

Chomh maith leis an méid thuas, tugann ciorclán 02/2016 le fios go gcuireann caiteachas a bhaineann le TFC costas lánsaoil san áireamh agus go gcaithfidh sé meastachán a dhéanamh ar aon chostas féideartha d'aon tionscadail ghaolmhara nó leantacha.

### 6.1 Anailís ar Chaiteachas Stairiúil

Is é cuspóir na hanailíse caiteachais ná:

- Dréachtú an PSI a mhúnlú
- Tacú leis straitéisí ardleibhéil do na catagóirí sainaitheanta caiteachais
- Deiseanna feabhsaithe a aithint ó thaobh costais choigiltis
- Deiseanna a shainaithint chun oibriú ar bhealach níos éifeachtaí
- Roinnt Príomhtháscairí Feidhmíochta a shainaithint ar féidir iad a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar athbhreithniú ar thionchar chur i bhfeidhm an PSI

Chun dréachtú an PSI a mhúnlú, déan anailís ar thaifid caiteachais stairiúla 3 bliana chun na nithe seo a leanas a aithint:

- Na catagóirí caiteachais; agus an
  - Méid caiteachais de réir na catagóire.
-

Is féidir sainaitheant a dhéanamh de réir na catagóire agus caiteachas catagóire ar dtús trí thagairt a dhéanamh don Mhórléabhar Ginearálta. Nuair a bheidh sé seo críochnaithe, beidh athbhreithniú níos mionsonraithe ar na catagóirí/grúpa táirgí de dhíth, chun tuairiscí ar chód an táirge a aithint (mura bhfuil sé faighte cheana féin) a éascóidh sainaitheant ceannacháin éagsúla. Leagtha amach againn thíos, tá sampla de Ghrúpa Táirge agus Tuairisc ar Chód Táirge.

*Sampla:*

<b>Grúpa Táirge:</b>	CLOSAMHAIRC/ILMHEÁIN/IMEACHTAÍ	RÍOMHAIREACHT, TF, TEILEACHUMARSÁID
<b>Tuairisc ar an gCód Táirge:</b>	TREALAMH CLOSAMHAIRC	PRINTÉIR DEISCE
<b>Ainm an táirge</b>	Teilgeoir	-

Sainaitheantofar in aschur na hanailíse thuas na ceannacháin a rinneadh le 3 bliana anuas de réir grúpa táirgí, tuairisc ar chód táirge agus ainm an táirge, agus ba cheart an fhaisnéis seo a chur sa teimpléad in Aguisín 1. Agus an méid á chur isteach agat, cinntigh le do thoil nach bhfuil CBL san áireamh sna figiúirí.

Agus an t-eolas atá anois curtha in Aguisín 1, ba cheart na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Deimhnigh conas a sholáthraítear na hearraí/seirbhísí (m.sh. Creat OSR, Tarraingt anuas OSR, Mionchomórtas, Soláthar Earnála, socrú féin an BOO);
- Sainaitheant ceannacháin ríthábhachtacha trí dheacracht éadála, riosca nó criticiúlacht;
- Sainaitheant na soláthraithe reatha a sholáthraíonn na hearraí/seirbhísí;
- Sainaitheant dáta athnuachana an chonartha;

## 6.2 Anailís ar Cheannacháin Ardéilimh/Luach Íseal (*gníomh roghnach*)

Trí cheannacháin atá ar luach íseal ach ar líon ard a aithint ar fud an BOO, d'fhéadfadh sé aird a dhíriú ar réimsí féideartha ina bhféadfadh soláthar a bheith níos éifeachtúla. Is é cuspóir na hanailíse seo a aithint an bhfuil bealach níos éifeachtúla ann chun na hearraí agus na seirbhísí sin a sholáthar. Seo a leanas na céimeanna:

- Asbhain tuarascáil ina sainaitheantítear gach ordú ceannaigh de réir grúpa táirgí, tuairisc ar chód an táirge agus soláthraí;
- De réir grúpa táirgí, tuairisc ar chód an táirge, sainaitheant líon na n-orduithe ceannaigh agus ar caiteachas iomlán de réir an tsoláthraí;
- Cuir na sonraí isteach sa scarbhileog in Aguisín 1, lena n-áirítear líon na OC a ardaíodh.

### 6.3 Athbhreithniú ar Riachtanais Soláthair Amach Anseo

Tar éis anailís stairiúil a chríochnú, ba cheart dréacht PSI a chur ar fáil d'FBS an BOO agus iarradh orthu, bunaithe ar an mbuiséad críochnaithe dá réimsí feidhme, na riachtanais soláthair amach anseo dá gceantair a aithint. Ba cheart na ceanglais soláthair seo a ailíniú leis an mbuiséad bliantúil don bhliain atá le teacht, le riachtanais soláthair réamh-mheasta le haghaidh 2 bhliain eile, chomh maith le bheith ailínithe le Plean Straitéiseach BOO mar seo a leanas:

- Ag baint úsáide as an anailís a rinneadh roimhe seo ar chaiteachas de réir grúpa táirge, déan leasú chun riachtanais soláthair réamh-mheasta do na trí bliana amach romhainn a léiriú;
- Sainaithin ceannacháin a bhí 'aonuaire' nó nach gá a athnuachan;
- Sainaithin Earraí/Seirbhísí nua ar bith atá le soláthar sna trí bliana amach romhainn ar bhonn athfhillteach nó ceannacháin aonuaire
- Sainaithin ceannacháin ríthábhachtacha trí dheacracht éadála, riosca nó criticiúlacht;
- An costas a bhfuiltear ag súil leis in aghaidh na bliana ar na hEarraí/Seirbhísí atá le soláthar; agus
- An mhí agus bliain a bheidh gá leis na hEarraí/Seirbhísí mura bhfuil riachtanas soláthair athfhillteach ann cheana féin, agus déan doiciméad má tá amlíne ann a chaithear a chomhlíonadh.

Nuair atá an fhaisnéis seo tiomsaithe ó gach colún eagraíochtúil, ba cheart í a thiomsú thar ceann an BOO.

### 6.4 Meastóireacht leanúnach ar riachtanais soláthair

Déanann an Rannóg Soláthair athbhreithnithe comhlíontachta rialta ar chaiteachas scoile/ionaid.

Áirítear leis seo athbhreithniú ar orduithe beo ar an gcóras P2P chun cásanna soláthair fhéideartha ó sholáthraithe neamhchonraithe a shainaithint agus athbhreithniú ar chaiteachas stairiúil freisin lena chinntiú go bhfuil ceannacháin ag comhlíonadh leis an mbeartas soláthair. Ina theannta sin, is iad na tuarascálacha ar iniúchtaí arna ndéanamh ag an IAU (Iniúchóir Inmheánach)/ARCC a threoraíonn seiceálacha comhlíontachta freisin. Cuireann na hathbhreithnithe seo ar ár gcumas déileáil le saincheisteanna neamhchomhlíonta go tapa agus go héifeachtúil. Tá siad úsáideach freisin chun a aithint an bhfuil aon bhearnaí inár gconarthaí faoi láthair, rud a thugann treoir do phleanáil tairisceana amach anseo.

Is príomhuirlis é an PSI in Aguisín 1 chun a aithint cén áit a bhféadfadh soláthraithe nó catagóirí caiteachais luachanna tairisí a shroicheadh, óna dteastaíonn próiseas tairisceana poiblí uathu.

---

## 7 Spriocanna agus Príomhbhearta Feidhmíochta

Príomhtháscaire Feidhmíochta	Gníomh de dhíth	Tréimhse Ama	Bainte amach?	Dáta
<b>MAPP a chur isteach go tráthúil chuig BOOÉ faoin 1 Deireadh Fómhair le haghaidh tiomsú earnála</b>	Síníodh an spriocdháta go dtí an 1 Samhain.	Eanáir go Meán Fómhair 2022	Tá	
<b>Feabhas ar leibhéal chomhlíonta</b>	Príomhthairiscintí le réachtáil i 2022/2023:			
	1. Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreach (lena n-áirítear conraitheoirí leictreacha)	R4 2022		
	2. Aláram Ionróra/ Aláram Dóiteáin/ TCI – Seirbhísiú agus Cothabháil	R3 2023		
	3. Innealtóir TFC	R1 2023		
	4. Priontáil agus Dearadh	R2 2023		
	5. TCP	R2 2023		
	6. Tástáil agus Scóráil Measúnachta	R2 2023		
	7. Péinteáil agus Maisiú	R3 2023		
	8. Seirbhísí Tírdhreachadh	R3 2023		
<b>Monatóireacht leanúnach ar chonarthaí atá ann faoi láthair. Síntí conartha a chur i bhfeidhm agus tairiscintí a phleanáil sula rachaidh conarthaí in éag</b>	Glanadh Conraithe Fruiliú Busanna Tomhaltáin Áilleachta Neamh-brandáilte Ábhar miotalóireachta Ábhar adhmaadóireachta	R4 2022 go R3 2023		



	Tomhaltáin leictreacha			
<b>Rannpháirteachas Méadaithe le Páirtithe Leasmhara</b>	Oiliúint a sholáthar do scoileanna/ionaid	R4 2022	Ag leanúint ar aghaidh	
	Bealaí cumarsáide a fheabhsú chun ligean do scoileanna rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le conarthaí agus creataí. Liosta na gConarthaí a eisiúint gach mí le Nuachtlitir.	R4 2022	Ag leanúint ar aghaidh	

## Aguisín 1 Plean Soláthair Ilbhliantúil

Déantar Plean Soláthair Ilbhliantúil BOOÁCDL (PSI) a chomhlánú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Tá an Plean bunaithe ar sholáthar réamh-mheasta ar feadh tréimhse leanúnach trí bliana. Tá gach mír a bhfuil caiteachas carnach réamh-mheasta €25,000 acu thar an tréimhse 3 bliana curtha san áireamh sa PSI.

Beidh anailís ag an PSI ar riachtanais soláthair réamh-mheasta de réir bliana/catagóire agus caiteachais. Seolfar é chuig BOOÉ le comhthiomsú earnála agus cuirfear faoi bhráid an SSO chun anailís a dhéanamh ar riachtanais soláthair na hearnála oideachais amach anseo.

Tá an PSI mar chuid den PSC seo ach is doiciméad ar leith é agus tá sé i seilbh na rannóige soláthair. Níl sé i gceist é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL.

---